



PE Céim ar Aghaidh

TIONSCNAMH CLUICHÍ DE CHUID CLG

Réamhrá

Innéacs

Fáilte chuig Céim ar Aghaidh, achmhainn mhúinteoireachta CLG do Chorroideachas atá curtha ar fáil chun cabhair a thabhairt do Mhúinteoirí Bunscoile Snáithe na gCluichí sa Churaclam Náisiúnta Corpoideachais a chur ar fáil trí na Cluichí Gaelacha - Peil Ghaelach, Iománaíocht/Camógaíocht, Liathróid Láimhe agus an Cluiche Corr san áireamh. Cuireann sé le Paca Achmhainní Céim ar Aghaidh/Step Ahead CLG, an t-acmhainn oideachais tras-churaclam, bunaithe ar théama Chumann Lúthchleas Gael, a thacaíonn le Mór-Churaclam na mBunscoileanna

Pleanáil

Anseo tá 16 pleananna ceachta a chomhlíonann na caighdeáin phleanála atá leagtha amach ag an i gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta i gCuraclam na mBunscoileanna. Leagtha amach i ngach ceacht, tá Snáitheanna, Snáithaonaid agus Spriocanna Curaclaim a thugann aghaidh ar threoirlínte pleanána an Churaclam Náisiúnta.

Náscáil & Comhthathú

Tá tagairt i ngach plean-ceachta freisin do nasc-cheangail le Snáitheanna na Lúthchleasaíochta agus na Gleacaíochta i gCuraclam an Chorroideachais. Déantar moltaí freisin maidir le Comhthathú le hábhair eile sa Mhór-Churaclam do Bhunscoileanna (Samplaí Comhthathaithe ar leath. 71).

Difreáil

Tá na Pleananna Ceachta leagtha amach ar bhealach a fhágfaidh deis ag gach páiste a bheith iomlán-páirteach sa cheacht agus a thabharfaidh seans dóibh go léir rud éigin a bhaint amach. Fágann na gníomhaíochtaí go mbeidh ar chumas an mhúinteora dúshlán a thabhairt do pháistí a mbeidh ar a gcumas é a shárú.

Measúnú

Ba chóir a bheith dílis do na treoirlínte atá i bPolasaí Measúnaithe na scoile agus measúnú á dhéanamh ar na ceachtanna atá san acmhainn seo. Ar dhá áis a bhféadfaí úsáid a bhaint astu sa mheasúnú sin, tá na dúshlán scile "Dhá Réalta agus Mian" agus "Gradaim U-Can". (Féach Leathanaigh 69 & 70).

Áiseanna agus Trealamh

Tá na Pleananna Ceachta leagtha amach sa chaoi agus gur féidir iad a reachtáil i gclós na scoile nó ar pháirc imeartha. Is féidir go leor acu a reachtáil faoi dhíon freisin, ach an spás a bheith ar fáil. Tá tagairt déanta i ngach Plean Ceachta don trealamh a bheidh ag teastáil sa cheacht.

Míniú ar na hÍocóin

Sna Pleananna Ceachta, baintear úsáid as sraith íocóin a mhíniú an cineál gníomhaíochta a bhíonn i gceist. Seo thíos an eochair.

Naíonáin

Plean Ceachta 1-4

Ceacht 1	Láimhseáil Liathróide & Scileanna Gluaisteachta	3
Ceacht 2	Ciceáil & Scileanna Gluaisteachta	7
Ceacht 3	Bualadh & Scileanna Gluaisteachta	11
Ceacht 4	Iompar, Bualadh & Scileanna Gluaisteachta	15

Ranganna 1 & 2

Plean Ceachta 5-8

Ceacht 5	Cluiche Corr – gníomhartha	19
Ceacht 6	Peil Ghaelach – gníomhartha	23
Ceacht 7	Liathróid Láimhe – gníomhartha	27
Ceacht 8	Iománaíocht/Camógaíocht – gníomhartha	30

Ranganna 3 & 4

Plean Ceachta 9-12

Ceacht 9	Cluiche Corr – gníomhartha	35
Ceacht 10	Peil Ghaelach – Gníomhartha	38
Ceacht 11	Liathróid Láimhe – Gníomhaíochtaí	42
Ceacht 12	Iománaíocht/Camógaíocht – Gníomhartha	45

Ranganna 5 & 6

Plean Ceachta 13-16

Ceacht 13	Cluiche Corr – Gníomhartha	48
Ceacht 14	Peil Ghaelach – Gníomhartha	52
Ceacht 15	Liathróid Láimhe – Gníomhartha	56
Ceacht 16	Iománaíocht/Camógaíocht – Gníomhartha	59

Bain Ciall as na hÍocóin



Druil Bhunúsach



Druil Idirmheánach



Ard-Druil



Ar áis leis an liathróid



Mír Spraoi



Gluaisteach Bheartaithe



Gluaisteach Chleachtaidh



Cluiche Coinniollaithe



Cluiche ar ar uimhreacha laghdaithe



Cúlaithe agus tosaithe



Cluiche Iomlán



Dushlán



PE Céim ar Aghaidh

Teachtaireacht an Uachtaráin



Is cúis mór áthais dom fáilte a fhearradh roimh an bhfoilseachán iontach seo a chabhróidh lenár muinteoirí grá d'ár gcluichí Gaelacha a chothú agus a spreagadh sna scoileanna.

Mar mhúinteoir bunscoile agus mar dhuine a bhfuil suim thar na beartaibh agam sna Cluichí Gaelacha agus san Oideachas, tá bród orm a rá go bhfuil Cumann Lúthchleas Gael ag déanamh ceannróaíochta sna cúrsaí seo, mar atá cruthaithe ag an tionscnamh is deireanaí seo.

Sa Churaclam Corpoideachais deirtear gur cheart na Cluichí Gaelacha a chur san áireamh mar chuid de chlár na gcluichí agus tá baint mhór ag scoileanna agus ag earnáil an oideachais fré chéile le cothú agus le cur chun cinn ár gcluichí. Seo an chéad acmhainn dá cineál a chuireann chun cinn na cluichí ar fad atá faoi scáth na gCluichí Gaelacha – Iománaíocht/Camógaíocht, Peil Ghaelach, Peil na mBan, Liathróid Láimhe agus an Cluiche Corr – agus creidim gur amach anseo a bhainfear fóimhar an chur le chéile seo.

Bunaithe ar struchtúr Churaclaim an Chorpoideachais, tugann an acmhainn seo faoi leagan amach a dhéanamh ar Phleananna Ceachta a bheadh oiriúnach do na ceithre leibhéal éagsúla ranga agus d'fhorbairt an linbh aonaraigh. Molaim na daoine ar fad a raibh lámh acu san obair seo óna tús agus táim ag súil go mór lena cur i bhfeidhm agus i gcrích. Creidim go gcuideoidh sí go mór leis na daltaí agus leis na múinteoirí agus béim á chur leis an tábhacht a bhaineann leis an gcorpoideachas agus muid sa tóir ar stíl mhaireachtála a bheadh sláintiúil agus cothromaithe.

Rath Dé ar an obair,

Liam Ó Néill
Uachtarán Chumann Lúthcheal Gael

